Gramadach gan Stró!

Eagrán 4

An leabhar gramadaí dóibh siúd nach dtuigeann leabhair ghramadaí!

Éamonn Ó Dónaill



Gaelchultúr
www.gaelchultur.com

17,000+ CÓIP DÍOLTA

Gramadach gan Stró!

Eagrán 4

Éamonn Ó Dónaill

Gaelchultúr

© Gaelchultúr 2008, 2011, 2013, 2016

ISBN: 978-0-9563614-9-3

Grianghraif: iStockphoto
Dearadh: Gaelchultúr
Eagarthóireacht: Róisín Adams
Ábhar breise d'eagrán 3 agus d'eagrán 4: Éamonn Ó Dónaill, Helen Hegarty, Aodh Ó Gallchóir agus Róisín Adams
Cartúin: Jean Russell (jeanrussell4@yahoo.ie) (pictiúir); Éamonn Ó Dónaill (téacs)
Clúdach: Sinéad McKenna (sinedesign.net) agus Gaelchultúr

Is féidir cóipeanna breise den leabhar seo a cheannach díreach ó:

Gaelchultúr
11 Sráid an Chláraigh
Baile Átha Cliath 2
Éire
D02 TD34
(353) (1) 484 5220
www.gaelchultur.com
www.ranganna.com

Tá an leabhar ar díol ar www.siopa.ie chomh maith.

Tá leagan ar líne de *Gramadach gan Stró!* le fáil ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, www.ranganna.com. Is féidir triail a bhaint saor in aisce as aonad samplach den leagan seo ar líne.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clár Ábhair

Buíochas		v
Réamhrá		vi
Eolas a Aimsiú go Gasta sa Leabhar		viii
Aonad 1	Téarmaíocht na Gramadaí	1
Aonad 2	An tAinmfhocal 1 (An Tuiseal Ainmneach Uatha agus Iolra)	7
Aonad 3	Réamhfhocail Shimplí	29
Aonad 4	Réamhfhocail Shimplí agus an tAlt	35
Aonad 5	An tAinmfhocal 2 (An Tuiseal Gairmeach)	41
Aonad 6	An tAinmfhocal 3 (An Tuiseal Ginideach)	47
Aonad 7	An Aidiacht 1 (An Aidiacht san Uatha agus san Iolra)	67
Aonad 8	An Aidiacht 2 (An Aidiacht sa Tuiseal Ginideach)	81
Aonad 9	An Aidiacht 3 (Céimeanna Comparáide na hAidiachta)	89
Aonad 10	An Briathar 1 (An Modh Ordaitheach)	95
Aonad 11	An Briathar 2 (An Aimsir Chaite)	103
Aonad 12	Na Bunuimhreacha	111
Aonad 13	An Briathar 3 (An Aimsir Láithreach)	123
Aonad 14	Dátaí / Na hOrduimhreacha	133
Aonad 15	Suíomh, Gluaiseacht agus Am	141
Aonad 16	An Clásal Coibhneasta	147
Aonad 17	Na hUimhreacha Pearsanta	157
Aonad 18	An Briathar 4 (An Aimsir Fháistineach)	163
Aonad 19	Aidiachtaí Sealbhacha	173
Aonad 20	Na Forainmneacha Réamhfhoclacha	183
Aonad 21	An Chopail **Is**	189
Aonad 22	An Briathar 5 (An Modh Coinníollach / **Má** agus **Dá**)	197
Aonad 23	An Briathar 6 (An Briathar Saor)	211
Aonad 24	An tAinm Briathartha agus an Aidiacht Bhriathartha	221
Aonad 25	An Briathar 7 (An Aimsir Ghnáthchaite)	229
Freagraí, Aguisíní agus Innéacs		239
Freagraí na gCleachtaí		240
Aguisín 1	Díochlaontaí an Ainmfhocail	250
Aguisín 2	Logainmneacha	253
Aguisín 3	Áiseanna ar an nGréasán agus Ríomhchláir	254
Aguisín 4	Cúrsaí Poncaíochta	257
Aguisín 5	Varia	261
Aguisín 6	Na Bunuimhreacha agus na hUimhreacha Pearsanta, 20-	265
Aguisín 7	An Séimhiú sa Ghinideach Éiginnte	266
Innéacs		268

Aonad 7: An Aidiacht 1
(An Aidiacht san Uatha agus san Iolra)

San aonad seo foghlaimeoidh tú faoi na nithe seo:

- an tslí a réitíonn aidiachtaí agus ainmfhocail le chéile
- aidiachtaí san uimhir iolra
- séimhiú ar aidiachtaí san uimhir iolra
- ainmfhocal éiginnte i gcáil aidiachta
- aidiachtaí a choimrítear
- aidiachtaí aitreabúideacha agus aidiachtaí faisnéiseacha
- **droch-** agus **sean-**
- dobhriathar idir ainmfhocal agus aidiacht
- na réimíreanna **an-** agus **ró-**
- na haidiachtaí taispeántacha

An aidiacht san uimhir uatha

Réitíonn an aidiacht leis an ainmfhocal de réir tuisil, inscne agus uimhreach. Séimhítear aidiacht a cháilíonn ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ainmneach, cuspóireach agus gairmeach uatha.

Ainmfhocal firinscneach	*Ainmfhocal baininscneach*
+ aidiacht	*+ aidiacht*
lá maith	oíche **mh**aith
cúrsa deacair	obair **dh**eacair

An aidiacht i ndiaidh réamhfhocal simplí + an t-alt + ainmfhocal

Ainmfhocal firinscneach	*Ainmfhocal baininscneach*
ar an lá deireanach	ar an oíche **dh**eireanach
ag an bhfear bocht	ag an mbean **bh**ocht

Nóta: I nGaeilge Uladh, séimhítear aidiacht a leanann ainmfhocal firinscneach a bhfuil réamhfhocal simplí agus an t-alt ag teacht roimhe.

ar an lá **dh**eireanach
ag an fhear **bh**ocht

D, n, t, l, s

Nuair a thagann na litreacha **d**, **n**, **t**, **l**, **s** le chéile ag deireadh ainmfhocail bhaininscnigh agus ag tús aidiachta, bíonn séimhiú fós i gceist.

bialann **Sh**íneach
bean **dh**eas

Cleachtadh 7.1

Athraigh na haidiachtaí idir lúibíní más gá.

1. bean (dathúil) _____
2. fear (dathúil) _____
3. anlann (deas) _____
4. ceardlann (fada) _____
5. an cúrsa (páirtaimseartha) _____
6. an scrúdú (deacair) _____
7. an iníon (cliste) _____
8. an mac (cliste) _____
9. sráid (fada) _____
10. sráidbhaile (Gearmánach) _____
11. cóisir (mór) _____
12. an bhean (cineálta) _____
13. an múinteoir (díograiseach) _____
14. an scuaine (fada) _____
15. tuarascáil (bliantúil) _____
16. an eitilt (deireanach) _____

An aidiacht san uimhir iolra

Má bhíonn an t-ainmfhocal san uimhir iolra, caithfidh an aidiacht a bheith san iolra chomh maith.

Uimhir uatha	*Uimhir iolra*
ceist dheacair	ceisteanna deacra

Seo thíos an tslí a gcuirtear na cineálacha éagsúla aidiachta san uimhir iolra.

	Uimhir uatha	Uimhir iolra
Cuirtear …		
-a le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan san uimhir uatha	teach mór	tithe mór**a**
-e le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir uatha	guth binn	guthanna binn**e**
Athraíonn ...		
-úil go **-úla** **-air** go **-ra**	duine suimiúil lá deacair	daoine suimi**úla** laethanta deac**ra**
Ní athraíonn ...		
aidiacht a chríochnaíonn ar ghuta san uimhir uatha *Eisceachtaí:* **breá** agus **te** Athraíonn **te** go **teo** san iolra agus athraíonn **breá** go **breátha**	cóta buí oíche the duine breá	cótaí buí oícheanta te**o** daoine breá**tha**

Séimhiú ar an aidiacht san uimhir iolra

Ní shéimhítear aidiacht san uimhir iolra de ghnáth.

Uimhir uatha	*Uimhir iolra*
scrúdú deacair	scrúduithe deacra
bialann dheas	bialanna deasa

Séimhítear aidiacht san iolra, áfach, nuair a leanann sí ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol.

na teaghla**igh bh**eaga
f**ir dh**easa

Bíonn an riail thuas i gceist fiú nuair a bhíonn na litreacha **d**, **n**, **t**, **l**, **s** ag teacht le chéile ag deireadh an ainmfhocail agus ag tús na haidiachta.

tura**is dh**eacra
amhrá**in dh**easa

Bíonn míthuiscint ann go minic faoi cad is consan caol ann. Ceapann daoine, mar shampla, gur consan caol é **-í** ag deireadh ainmfhocail agus, dá bhrí sin, cuireann siad séimhiú ar fhocal a leanann **-í** san uimhir iolra.

Seo samplaí d'ainmfhocail san iolra agus consan caol ag a ndeireadh:
mic, **bailéid**, **teaghlaigh**, **scannail**

Nuair a bhíonn uimhir idir 2 agus 19 roimh ainmfhocal + aidiacht, cuirtear an aidiacht san uimhir iolra agus séimhítear í.

trí chathaoir **gh**orm**a**
seacht mbuidéal **gh**las**a**

Cleachtadh 7.2

I ngach cás thíos, cuir in iúl cé acu atá consan caol ag deireadh an ainmfhocail nó nach bhfuil agus roghnaigh an fhoirm cheart den aidiacht atá á cháiliú.

	Consan caol?			An fhoirm cheart den aidiacht	
1. teaghlaigh	Tá ☐	Níl ☐	teaghlaigh	(a) móra	(b) mhóra
2. na hirisí	Tá ☐	Níl ☐	na hirisí	(a) daite	(b) dhaite
3. na comhaid	Tá ☐	Níl ☐	na comhaid	(a) céanna	(b) chéanna
4. na fir	Tá ☐	Níl ☐	na fir	(a) cróga	(b) chróga
5. na riachtanais	Tá ☐	Níl ☐	na riachtanais	(a) síceolaíocha	(b) shíceolaíocha
6. tithe	Tá ☐	Níl ☐	tithe	(a) geala	(b) gheala
7. na leathanaigh	Tá ☐	Níl ☐	na leathanaigh	(a) deireanacha	(b) dheireanacha
8. éadaí	Tá ☐	Níl ☐	éadaí	(a) deasa	(b) dheasa
9. na féilte	Tá ☐	Níl ☐	na féilte	(a) traidisiúnta	(b) thraidisiúnta
10. amhráin	Tá ☐	Níl ☐	amhráin	(a) fada	(b) fhada
11. sceidil	Tá ☐	Níl ☐	sceidil	(a) dúshlánacha	(b) dhúshlánacha
12. na billí	Tá ☐	Níl ☐	na billí	(a) deireanacha	(b) dheireanacha

Ainmfhocal dar críoch consan caol san iolra + ainmfhocal éiginnte

Séimhítear ainmfhocal éiginnte dar tús **b**, **c**, **g**, **m** nó **p** i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol.

f**ir** **bh**eáir
bá**id** **ch**anála

Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte dar tús **d**, **s** ná **t** i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar **d**, **n**, **t**, **l** nó **s** caol.

bá**id** seoil
eastá**it** tithíochta
cuma**inn** trádála

Ní shéimhítear ainmfhocal dar tús **f** i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol.

comha**id** fuaime
beith**ígh** feirme

Tá na heisceachtaí eile ar an riail seo ar fáil in Aguisín 7.

Cleachtadh 7.3

I ngach cás thíos, roghnaigh an fhoirm cheart den aidiacht nó den ainmfhocal atá ag cáiliú an ainmfhocail.

1. báid	(a) deasa	(b) dheasa
2. báid	(a) Francacha	(b) Fhrancacha
3. na heastáit	(a) deasa	(b) dheasa
4. na heastáit	(a) tithíochta	(b) thithíochta
5. turais	(a) taitneamhacha	(b) thaitneamhacha
6. turais	(a) taighde	(b) thaighde
7. na beartais	(a) slándála	(b) shlándála
8. na beartais	(a) tubaisteacha	(b) thubaisteacha
9. beithígh	(a) feirme	(b) fheirme
10. beithígh	(a) fadchosacha	(b) fhadchosacha
11. pobail	(a) dúchais	(b) dhúchais
12. pobail	(a) dátheangacha	(b) dhátheangacha
13. riachtanais	(a) fadtéarmacha	(b) fhadtéarmacha
14. riachtanais	(a) fuaime	(b) fhuaime
15. na caighdeáin	(a) tástála	(b) thástála
16. na caighdeáin	(a) dochta	(b) dhochta

Ainmfhocal dar críoch consan caol san uimhir iolra + aidiacht nó ainmfhocal: Achoimre ar na rialacha

Ainmfhocal dar críoch consan caol san uimhir iolra + aidiacht: séimhiú i gcónaí	Ainmfhocal dar críoch consan caol san uimhir iolra + ainmfhocal éiginnte dar tús b, c, g, m nó p: séimhiú i gcónaí	Ainmfhocal dar críoch -id, -il, -in, -is nó -it san uimhir iolra + ainmfhocal éiginnte dar tús d, s nó t: ní bhíonn séimhiú i gceist	Ainmfhocal dar críoch consan caol san uimhir iolra + ainmfhocal éiginnte dar tús f: ní bhíonn séimhiú i gceist
teaghlaigh mhóra fir dheasa turais dhainséaracha	fir bheáir báid ghuail eastáit mhonarchan	cumainn diagachta báid seoil eastáit tithíochta	baill foirne cumainn fichille fir fuaime

Aidiachtaí a choimrítear

Tá roinnt aidiachtaí a ndéantar coimriú orthu san uimhir iolra, is é sin, cailleann siad guta nó dhó.

Uatha	*Iolra*
aoibhinn	aoibhne
bodhar	bodhra
daingean	daingne
deacair	deacra
domhain	doimhne
folamh	folmha
íseal	ísle
láidir	láidre
milis	milse
ramhar	ramhra
righin	righne
saibhir	saibhre
sleamhain	sleamhna
socair	socra
uasal	uaisle

Aidiacht aitreabúideach vs aidiacht fhaisnéiseach

Is aidiachtaí aitreabúideacha iad na haidiachtaí atá feicthe againn go dtí seo san aonad seo: aidiachtaí a cháilíonn ainmfhocail go díreach. Mar a dúradh cheana, réitíonn an cineál seo aidiachta leis an ainmfhocal de réir tuisil, inscne agus uimhreach.

Léigh mé leabhar suimiúil.	(ainmfhocal firinscneach + aidiacht)
Léigh mé iris shuimiúil.	(ainmfhocal baininscneach + aidiacht)
Léigh mé leabhair shuimiúla.	(ainmfhocal iolra + aidiacht)

Aidiachtaí faisnéiseacha a thugtar ar aidiachtaí a cháilíonn ainmfhocail go hindíreach. Baintear úsáid as briathar chun an cineál seo aidiachta a nascadh le hainmfhocal nó le forainm, agus ní réitíonn siad leis an ainmfhocal de réir inscne ná uimhreach.

Tá an leabhar sin suimiúil.
Tá an iris sin suimiúil.
Tá na leabhair sin suimiúil.

Má chuireann an t-idirdhealú sin idir ainmfhocal atá á cháiliú go díreach agus ainmfhocal atá á cháiliú go hindíreach mearbhall ort, an rud is fusa ná smaoineamh faoin abairt i mBéarla:

- Mura dtagann briathar idir an t-ainmfhocal agus an aidiacht sa Bhéarla, aidiacht aitreabúideach atá ann, seachas aidiacht fhaisnéiseach, agus réiteoidh an aidiacht leis an ainmfhocal.

- Má thagann briathar idir an t-ainmfhocal agus an aidiacht sa Bhéarla, aidiacht fhaisnéiseach atá ann, seachas aidiacht aitreabúideach, agus ní réiteoidh an aidiacht leis an ainmfhocal.

Aidiachtaí aitreabúideacha	Aidiachtaí faisnéiseacha
Léigh mé leabhar suimiúil. *I read an **interesting book**.*	Tá an leabhar sin suimiúil. *That **book is interesting**.*
Léigh mé iris shuimiúil. *I read an **interesting magazine**.*	Tá an iris sin suimiúil. *That **magazine is interesting**.*
Léigh mé leabhair shuimiúla. *I read **interesting books**.*	Tá na leabhair sin suimiúil. *Those **books are interesting**.*
Tabhair faoi deara nach bhfuil briathar idir **na hainmfhocail** agus **na haidiachtaí** sna habairtí Béarla thuas. Tá na haidiachtaí ag cáiliú na n-ainmfhocal go díreach, mar sin sna leaganacha Gaeilge réitíonn na haidiachtaí leis na hainmfhocail de réir inscne agus uimhreach.	Tabhair faoi deara go bhfuil briathar idir **na hainmfhocail** agus **na haidiachtaí** sna habairtí Béarla thuas. Tá na haidiachtaí ag cáiliú na n-ainmfhocal go hindíreach, mar sin sna leaganacha Gaeilge ní réitíonn na haidiachtaí leis na hainmfhocail de réir inscne ná uimhreach.

Na réimíreanna droch- agus sean-

Cuirtear **droch-** agus **sean-** *roimh* an ainmfhocal – ní féidir iad a chur ina dhiaidh.

	droch-	sean-
Consain Séimhítear iad	droch**dh**uine droch**th**impiste	sean**bh**ean sean**ch**ara
Gutaí Ní athraíonn siad	drochaiste drochamhránaí	seanaisteoir seanealaíontóir

Ní shéimhítear **d**, **s** ná **t** tar éis **sean-**.

sea**nd**uine
sea**nt**each
sea**ns**aighdiúir

Ní chuirtear fleiscín tar éis **droch-** ach amháin nuair a leanann na litreacha **ch** é.

dro**ch-ch**lú
dro**ch-ch**oinníollacha

Ní chuirtear fleiscín tar éis **sean-** ach amháin nuair a leanann an litir **n** é.

sea**n-n**ós
sea**n-n**amhaid

Cleachtadh 7.4

Athraigh na focail idir lúibíní thíos más gá. I gcás ainmfhocail san uimhir uatha, féach san fhoclóir mura bhfuil tú cinnte cé acu atá siad firinscneach nó baininscneach.

1. daoine (láidir) _____
2. crainn (mór, ard) _____
3. amhráin (fada, suimiúil) _____
4. ballaí (mór, daingean) _____
5. oícheanta (fuar, fliuch) _____
6. Scaip an (bileog) (buí) _____ ar an rang.
7. Is scríbhneoir (cáiliúil) _____ é anois.
8. Bhí athair (críonna) _____ Shíle agus máthair _____ (críonna) Liam ansin le chéile.
9. Tá bialann (Francach) _____ oscailte i lár an bhaile anois.
10. Tá gruaig (fada, dubh) _____ uirthi agus tá súile (donn) _____ aici.
11. clúdaigh (glas) _____
12. laethanta (fada), (te) _____
13. Is fir (saibhir) _____ iad.
14. cácaí (milis) _____
15. eastáit (deas) _____

Cleachtadh 7.5

Cuir gach ainmfhocal agus aidiacht san uimhir iolra.

1. an cúrsa fada _____
2. an t-ábhar deacair _____
3. an t-éadach faiseanta _____
4. an léine ghlas _____
5. an t-amadán mór _____
6. teaghlach Éireannach _____
7. léacht spéisiúil _____
8. ceolchoirm thraidisiúnta _____
9. an fhéile Cheilteach _____
10. cumann maith _____
11. dualgas poiblí _____
12. bialann Fhrancach _____
13. an aiste dheacair _____
14. an bóthar sleamhain _____
15. an t-amhrán dúshlánach _____

Cleachtadh 7.6

Cuir gach ainmfhocal agus aidiacht thíos san uimhir uatha.

Sampla: bileoga glasa *bileog ghlas*

1. sráidbhailte deasa _____
2. tíortha teo _____
3. leabhair mhaithe _____
4. cathaoireacha boga _____
5. fuinneoga briste _____
6. mná maithe _____
7. amhráin thraidisiúnta _____
8. daoine uaisle _____
9. cathracha móra _____
10. laethanta breátha _____
11. tuairiscí gearra _____
12. caidrimh fhadtéarmacha _____
13. ceolchoirmeacha fada _____
14. sráideanna dainséaracha _____
15. rúin dhaingne _____

Dobhriathar idir ainmfhocal agus aidiacht

Nuair a bhíonn dobhriathar idir an t-ainmfhocal agus an aidiacht, ní réitíonn an aidiacht leis an ainmfhocal a thuilleadh ach úsáidtear bunfhoirm na haidiachta.

bean **dh**eas
bean réasúnta deas

tránna áille
tránna measartha álainn

Na réimíreanna an- agus ró-

Séimhítear na consain (seachas **d**, **s** agus **t**) tar éis **an-**.

maith	an-**mh**aith
mór	an-**mh**ór
fada	an-**fh**ada
óg	an-óg
aosta	an-aosta
amaideach	an-amaideach

Bíonn fleiscín i gcónaí tar éis **an-**.

Séimhítear consain a leanann **ró-**.

mór	ró**mh**ór
deas	ró**dh**eas
saibhir	ró**sh**aibhir
óg	ró-óg
aosta	ró-aosta
amaideach	ró-amaideach

Tabhair faoi deara go mbíonn fleiscín idir **ró-** agus guta i gcónaí; ní bhíonn fleiscín idir **ró-** agus consan de ghnáth.

Achoimre

*An réimír **an-***

Na consain (seachas d, s agus t) Séimhítear iad	Na consain d, s agus t Ní shéimhítear iad	Na gutaí (a, e, i, o, u) Ní thagann aon athrú orthu
an-**mh**aith	an-deas	an-óg
an-**ch**airdiúil	an-te	an-íseal
an-**fh**uar	an-saibhir	an-éasca

*An réimír **ró-***

Na consain Séimhítear iad	Na gutaí (a, e, i, o, u) Ní thagann aon athrú orthu
ró**mh**aith	ró-óg
ró**ch**airdiúil	ró-íseal
ró**bh**og	ró-éasca
ró**dh**eas	ró-ard

Cleachtadh 7.7

*Cuir na réimíreanna **an-** agus **ró-** roimh gach aidiacht.*

1. deas	an-deas	ródheas	11. suimiúil	_____	_____
2. mór	_____	_____	12. deacair	_____	_____
3. uasal	_____	_____	13. álainn	_____	_____
4. cineálta	_____	_____	14. cumasach	_____	_____
5. sásta	_____	_____	15. bríomhar	_____	_____
6. fliuch	_____	_____	16. éifeachtach	_____	_____
7. casta	_____	_____	17. tostach	_____	_____
8. crua	_____	_____	18. domhain	_____	_____
9. béasach	_____	_____	19. sean	_____	_____
10. tiubh	_____	_____	20. foighneach	_____	_____

An aidiacht iolra tar éis na réimíreanna an- agus ró-

Is í an fhoirm uatha den aidiacht a úsáidtear nuair a bhíonn an réimír **an-** nó **ró-** roimpi.

Samplaí:

	An réimír an-	An réimír ró-
daoine deasa	Is daoine an-deas iad.	Ní daoine ródheas iad.
ceantair áille	Is ceantair an-álainn iad.	Ní ceantair ró-álainn iad.

Na haidiachtaí taispeántacha

Nuair a úsáidtear na haidiachtaí taispeántacha **seo** agus **sin** sa chaint, cuirtear an bhéim ar an ainmfhocal, ní ar an aidiacht.

Samplaí:
An *fear* sin. (*That man.*)
An *ceann* seo. (*This one.*)

Níl sé ceart an bhéim a chur ar **seo** ná ar **sin**.

Meascann daoine na focail seo go minic – tabhair faoi deara an bhrí atá leo.

seo: *this* anseo: *here*
sin: *that* ansin: *there*

Cleachtadh 7.8

Cuir Gaeilge ar na nithe seo a leanas:

1. *I was there for a month.* _____
2. *She was here a week ago.* _____
3. *Sit here.* _____
4. *He's over there.* _____
5. *Come down here.* _____
6. *that man* _____
7. *this woman* _____
8. *That book is quite good.* _____
9. *this summer* _____
10. *I was ill that day.* _____

Réamhfhocail shimplí agus na haidiachtaí taispeántacha

Is é an tríú pearsa firinscneach den réamhfhocal (e.g. **air**, **leis**, **aige**) a úsáidtear leis na haidiachtaí taispeántacha, seachas an bunleagan den réamhfhocal (e.g. **ar**, **le**, **ag**).

Ceart	Mícheart
Anuas **air** sin ...	*Anuas **ar** sin ...
Chomh maith **leis** sin ...	*Chomh maith **le** sin ...
Tá tionchar **aige** sin ar an scéal ...	*Tá tionchar **ag** sin ar an scéal ...

Seo thíos liosta de na leaganacha de na réamhfhocail a úsáidtear leis na haidiachtaí taispeántacha **seo** agus **sin**.

Bunleagan den réamhfhocal	+ *seo* nó *sin*	An tríú pearsa firinscneach den réamhfhocal
ag	+ seo/sin	aige seo/sin
ar	+ seo/sin	air seo/sin
as	+ seo/sin	as seo/sin
chuig	+ seo/sin	chuige seo/sin
de	+ seo/sin	de seo/sin
do	+ seo/sin	dó seo/sin
faoi	+ seo/sin	faoi seo/sin
le	+ seo/sin	leis seo/sin
ó	+ seo/sin	uaidh seo/sin
roimh	+ seo/sin	roimhe seo/sin
thar	+ seo/sin	thairis seo/sin
trí	+ seo/sin	tríd seo/sin

Cleachtadh 7.9

Cuir an forainm réamhfhoclach ceart ar fáil chun na habairtí a chríochnú.

1. *I don't agree with that.*	Ní aontaím _____ sin./Ní thagaim _____ sin.
2. *We've seen that film many times before.*	Tá an scannán sin feicthe againn go leor uaireanta _____ seo.
3. *She referred to that.*	Rinne sí tagairt _____ sin.
4. *We went to Galway first and then from there north to Mayo.*	Chuamar go Gaillimh ar dtús, agus ansin _____ sin ó thuaidh go Maigh Eo.
5. *He won't go beyond that.*	Ní rachaidh sé _____ sin.
6. *I heard some talk of that before.*	Chuala mé caint éigin _____ sin cheana.
7. *That has nothing to do with it.*	Níl aon bhaint _____ sin leis.

Réamhfhocail chomhshuite agus na haidiachtaí taispeántacha

Nuair a úsáidtear aidiacht thaispeántach le réamhfhocal comhshuite, tagann athrú ar an réamhfhocal comhshuite.

Réamhfhocal comhshuite	+ *seo* nó *sin*	Réamhfhocal comhshuite + aidiacht thaispeántach
de bhrí	+ seo/sin	dá bhrí seo/sin
de bharr	+ seo/sin	dá bharr seo/sin
i ndiaidh	+ seo/sin	ina dhiaidh seo/sin
le linn	+ seo/sin	lena linn seo/sin

Tabhair faoi deara gurb é an tríú pearsa uatha firinscneach den aidiacht shealbhach a úsáidtear.

dá bhrí sin
ina dhiaidh sin

Réamhfhocal comhshuite	Réamhfhocal comhshuite + aidiacht thaispeántach
Ní bheidh aon ranganna ar siúl amárach de bhrí go mbeidh múinteoirí na scoile ar stailc.	Beidh múinteoirí na scoile ar stailc amárach. Dá bhrí sin, ní bheidh aon ranganna ar siúl.
Shiúil Sinéad abhaile d'ainneoin go raibh sé ag cur báistí go trom.	Bhí sé ag cur báistí go trom. Dá ainneoin sin, shiúil Sinéad abhaile.
Ní fhaca sé í oiread agus uair amháin le linn na seachtaine a chaith sé sa cheantar.	Chaith sé seachtain sa cheantar. Lena linn sin, ní fhaca sé í oiread agus uair amháin.